Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10706 – HAL INVESTMENTS / ROYAL BOSKALIS WESTMINSTER)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 170/05)

1. An 13 Aibreán 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Hal Investments B.V ("Hal", an Ísiltír), ar leis an ngrúpa Hal Trust é,

— Royal Boskalis Westminster N.V. (an "Sprioc-chuideachta", an Ísiltír).

Gheobhaidh Hal rialú aonair ar an Sprioc-chuideachta ina hiomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta infheistíochta dhomhanda é Hal, cuideachta a bhfuil infheistíochtaí aici i réimsí éagsúla, lena n-áirítear an earnáil mhuirí, stóráil umar, na meáin, seirbhísí airgeadais, miondíol, troscán oifige agus soláthairtí adhmaid agus tógála.

— Is cuideachta seirbhísí muirí í an sprioc-chuideachta atá gníomhach i ndreidireacht, suiteáil amach ón gcósta, iompar amach ón gcósta, seirbhísí fomhuirí, tuáil agus tarrthálas chomh maith le bonneagar intíre.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe maidir le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10706 – HAL INVESTMENTS / ROYAL BOSKALIS WESTMINSTER

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.